

Moltaí IO4 do lucht déanta beartas maidir le cur i bhfeidhm na gCuraclam Breisteangacha

1. Frámaíocht ghinearálta

2. Baintear aon saghas beartais ilteangaigh sa scoil uile amach laistigh d'fhrámaíocht áirithe beartas teanga: ag leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus faoi choinníolacha scoile ar leith; socraítear é i gcás stairiúil áirithe agus cuirtear faoi fhorbairtí reatha é.
3. Is féidir le gach leibhéal frámaíochta tacú lena chur i bhfeidhm nó é a chur i mbaol.
4. Caithfear féidearthachtaí agus dúshláin maidir leis an togra PlurCur (beartais Eorpacha teangeolaíoch, beartais réigiúnacha, coinníollacha i scoil áirithe, araile.) a chur faoi chaibidil.

Mar sin, i dtús báire, soiléiríonn an páipéar an fhrámaíocht Eorpach/náisiúnta/réigiúnach atá ann cheana féin agus áiríonn sé ansin moltaí/tograí ceaptha ag na scoileanna páirtnéara agus faoi dheireadh, soláthraíonn sé samplaí de dhea-chleachtadh maidir le heilimintí beartais PlurCur.

2. Cén saghas ilteangachais/breisteangachais atá ann mar aidhm?

Sainmhínítear iltenagachas/breisteangachas le:

- Oilteacht teanga i dteangacha aonair chomh maith le hoilteacht bhreisteangach i réimsí difriúla (idirghabháil, aistriúchán, cód-mhalartú, rogha cóid araile.)
- Oilteacht éagsúil sna teangacha comhfhreagracha ag brath ar riachtanais an chainteora
- Eolas teanga atá fite fuaite, teangacha a idirghníomhaíonn le chéile agus a chruthaíonn aistriú feiniméan
- “Roinnt saothair” na dteangacha páirteacha, m.s. forbraíonn teangacha i reimsí difriúla.
- Teastaíonn tacú leanúnachas ó ilteangachas/bhreisteangachas chun foghlaim, na teangacha atá ar an toil ag duine a chaomhnú is a bhainistiú.

Cuireann an coincheap PlurCur úsáidte mar bhunús PlurCur múineadh idirghníomhach teanga, múineadh FCÁT agus obair tionscnaimh, i measc cur chuige eile faoi chaibidil maidir le beartas sa scoil uile.

2.1 Cúlra: beartas Eorpach teangeolaíoch

Ba cheart go léireodh aon bhearta curtha i bhfeidhm ag leibhéal réigiúnach, áitiúil nó scoile an Beartas Teangeolaíoch de chuid Chomhairle na hEorpa. Is iad a bpríomh-aidhmeanna ná:

- Labhraíonn gach saoránach a T1 agus dhá theanga eile ar a laghad (mion, imircigh, béal dorais...)
- Ráthaíonn il agus breisteangachas comhtháthú sóisialta, forbairt síochana, deiseanna eacnamaíochta
- Clíonn tíortha Eorpacha leis na prionsabail leagtha síos sa Dearbhú Uilechoiteanna Ceart an Duine agus sa Dearbhú Barcelona Ceart teangeolaíoch.
- Cuireann beartas Eorpach teangeolaíoch mionteangacha agus teanga neamhfhorleathana chun cinn go sonrach.

(cf. e.g. Europäische Kommission (1995), *Weißbuch zur allgemeinen und beruflichen Bildung* [Online at http://europa.eu/documents/comm/white_papers/pdf/com95_590_de.pdf].)

2.2 Beartas teangeolaíoch i dtíortha/réigiúin páirtnéirí tionscadail:

Tá gach tír léirithe sa tionscadal Plur>E ilteangach agus breisteangach, á rá go bhfuil teangacha éagsúla in úsáid thar céadta laistigh d'fhearann na stát comhfhreagracha. Cuireann na gluaiseachtaí imirceacha sna seasca bliain anuas go leor teangacha nua leis na teangacha (díleasacha) úsáidte agus cloiste.

Aithníonn formhór na dtíortha (An Ostair, Éire, An Ghearmáin, An Iodáil/An Tioróil Theas) níos mó ná teanga amháin oifigiúil, nó (go leor) mionteangacha ar a laghad, ina mbunreachtáí.

2.3 Próifíleanna Beartais Oideachais Teanga (LEPP) agus dúshláin oideachasúla

Éire

Faoi láthair, níl aon bheartais teanga eachtraí/nua-aimseartha in Éirinn ag aon leibhéal laistigh den chóras oideachais. Tá beartas cuimsitheach ag teastáil go práinneach ionas go spreagann scoileanna daltaí chun teangacha a fhoghlaim agus leanúint ag foghlaim teangacha ag gach leibhéal chun tacú le riachtanais phearsanta, ghairmiúla agus eacnamaíochta. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an beartas/stráitéis teanga seo ag teacht toisc go bhfuil sé rí-thabhachtach i dtimpeallacht iar-Bhreatimeachta.

Tosaíodh próiséas próifíle beartais oideachais teanga (LEPP) i 2005 agus leanadh ar aghaidh é go dtí 2007 (féach ar doiciméad na hÉireann LEPP, Roinn Beartais teanga Strasbourg agus Roinn Oideachais agus Eolaíochta na hÉireann).

An Ostair

Bhí an Ostair páirteach sa phróiseas LEPP de chuid Chomhairle na hEorpa fad is a scríobhadh tuairisc tíre agus a ceapadh beartas ilteangach oideachasúla. Tacaíonn go leor

beart le cuir chuige ilteangacha (m.s. ranganna teanga oidhreachta; ranganna dhátheangacha mar chuid de churaclaim; foghlaim teanga luath i mbunscoileanna). Soláthraíonn sé seo bunús maith le haghaidh cuir i bhfeidhm curaclam breisteangacha agus saghsanna difriúla cur chuige breis agus ilteangacha i scoileanna. Caithfear, áfach, níos mó a dhéanamh chun na cuir chuige seo a scaipeadh agus chun iad a chur i bhfeidhm i ndáiríre.

An Tioróil Theas

Tarraingíonn na páirtnéirí tionscadail i mBolanzo ár n-aird ar an bhfíric go bhfuil aon bhearta pléite nó tógtha i réimse an oideachais ag baint go dlúth le cás ginearálta sochpholaitiúil agus stairiúil an réigiúin nó na tíre. Sa Tioróil Theas, réigiún trí theangach, múineadh trí theanga (Gearmáinis, Iodáilis agus Béarla go mórmhór) ar a laghad i scoileanna. Le déanaí, ritheadh dlíthe leis an aidhm feabhas a chur ar ilteangachas ar scoil, rud atá nuálach ó dhearcadh stairiúil, toisc go bhfuil cosc ar mhúineadh ilteangach i scoileanna le Gearmáinis de réir „Autonomiestatus“ alt 18. Laghdaíonn sé seo na féidearthachtaí tionscadail oideachais breisteangacha a chur i bhfeidhm (m.s. scoileanna dhátheangacha, múineadh FC ÁT leanúnach ag gach leibhéal oideachasúil). Taispéanann taighde nua, áfach, go bhfuil na grúpaí eitneacha ag fánaíocht óna gcéile i ndáiríre agus go bhfuil dealg dian fulaingthe ag eolas na dara theanga le seacht mbliana anuas (EURAC kolipsi-study). Chomh maith leis sin, rinneadh ainailís ar thionscadail FCÁT i scoileanna Iodáilise freisin agus ní misniúla iad na torthaí maidir le hoilteacht teanga. Cuireann sé seo tús le plé nua faoi éifeachtúlacht cur chuige FCÁT agus faoi chuir chuige ilteangacha go ginearálta.

3. Moltaí do lucht déanta beartas

3.1 Meonta ginearálta

Beartais teangeolaíocha agus oideachais teanga a chuireann le síocháin agus le tuiscint agus a chuireann forbairt aonair agus shochoíoch chun cinn

- atá bunaithe ar an meas ar chearta (teangeolaíocha) na saoránach go léir
- a fhéachann ar aon teanga i stór duine mar acmhainn don duine agus don sochaí
- a aithníonn agus a chuireann *gach* teanga a thugann daoine leo go dtí an sochaí/ar scoil chun cinn agus a ghníomhaíonn in aghaidh céimiúlachta na dteangacha atá ann cheana féin agus atá i bhfabhar roinnt teangacha in áit ceann eile
- a chuireann le feabhas ar phróifíleanna na dteangacha (toisc go measann daltaí, i ngairmeacha teicniúla ach go háirithe, nach bhfuil teangacha chomh tábhachtach le hábhair eile).
- a bhaineann na polaiteoirí, údaráis oideachasúla agus na páirtí leasmhara go léir (bainistíocht scoile, tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí) leis an bplé agus le cur i bhfeidhm an churaclaim sa scoil uile
- a thacaíonn le díospóireachtaí poiblí faoi bhuntáistí an ilteangachais

- a thacaíonn le cuir chuige ilteangacha/breisteangacha in ionad teangacha a mhúineadh i ‘ranna scartha’
- a daingníonn ilteangachas/breisteangachas i scoileanna thar gach leibhéal

3.2 Bearta le bheith tógtha ag an leibhéal oideaschasúil agus traenála múinteoireachta:

Beartas breisteangach sa scoil uile

- a sholáthraíonn na acmhainní riachtanacha chun tacú le breisteangachas i ngach duine tríd na teangacha a labhraíonn na daltaí sa bhaile agus ina bpobail a chaomhnú agus trí chláir múineadh/foghlama teanga taighde bunaithe a sholáthar
- a éagsúlaíonn líon na dteangacha atá ar fáil thar na gairme oideachasúil de chuid ár ndaltaí
- a chuireann foghlaim chomtháite ábhar teanga (FCÁT) i go leor teangacha chun cinn
- a sholáthraíonn níos mó tacaíochta le haghaidh inimirceach: mar shampla, trí chláir ceachtanna teanga dúchasáí agus níos mó tacaíochta chun feabhas a chur ar scileanna teanga na bpáistí inimirceacha sa teanga thromlaigh chomhfhreagrach/teanga scolaíochta
- a chuireann teangacha eachtracha isteach ag leibhéal meánscoile
- a shuiteálann/chaomhnaíonn ranganna ag leibhéal meánscoile chun tacú le níos mó bainistíochta sa rang
- a sholáthraíonn acmhainní do chomhoibriú na múinteoirí thar teangacha agus ábhair.
- a shuiteálann cúrsaí traenála éigeantacha i réimse an bhreisteangachais le haghaidh traenála múinteoireachta réamhseirbhíse/inseirbhíse agus a chuireann traenáil leanúnach ar fáil do mhúinteoirí teanga sna teangacha atá á múineadh acu
- a chuireann foghlaim agus úsáid teanga chun cinn trí chláir malartaithe éigeantacha le haghaidh múinteoirí agus daltaí teanga
- a spreagann agus a éascaíonn comhpháirtíochtaí ar líne le scoileanna thar lear.
- a sholáthraíonn áiseanna TF i scoileanna atá rídhéanaí ionas go bhfuil daltaí in ann oibriú ar líne ag baint úsáide as teicneolaíocht agus acmhainní nua-aimseartha; cuireann sé seo foghlaim fhéinriartha chun cinn.
- a cheadaíonn níos mó solúbthachta ar amchláir le haghaidh múineadh FCÁT, chomhoibríoch agus traschuraclaim.
- a thacaíonn le hollscoileanna maidir lena n-íarrachtaí teanga eachtrach nua-aimseartha a leanúint mar riachtanas iontrála agus agus níos mó modúl teanga mar chuid de i bhfad níos mó cúrsaí ná mar atá ar fáil faoi láthair
- a sholáthraíonn níos mó maoinithe do chláir mhalartaithe ag gach leibhéal scoile agus ollscoile.
- a thacaíonn le leanúint agus fairsingiú an chláir staidéir ollscoile Erasmus+
- a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais agus níos mó saghsanna tacaíochta le haghaidh scoileanna (m.s. acmhainní pearsanta, saineolaithe) le haghaidh beartais teanga sa scoil uile.

4. Samplaí de dheachleachtadh - ag foghlaim ó thaithí daoine eile

An Ostair:

Curaclam Mehrsprachigkeit (Krumm/Reich 2011)

Tá an “Curriculum Mehrsprachigkeit”, scríobhte ar bhunús an phróisis LEPP, ar fáil ar líne agus tá sé iníoslódáilte ó [<http://oesz.at/download/cm/CurriculumMehrsprachigkeit2011.pdf>]. Tá saghsanna moltaí agus gníomhaíochtaí le haghaidh cur chuige breisteangacha sa seomra ranga thar gach leibhéal de chuid chóras scoile na hOstaire ann.

Tá eolas suimiúil ar thionscnaimh agus ar thionscadail ilteangacha i mbunscoileanna agus i meánscoileanna ar fáil ag www.schule-mehrsprachig.at/.

HLW Rankweil

Díríonn an scoil pháirtnéara Ostaraí ar fheasacht mheititheangeolaíoch agus fhoghlama teanga i bhfoghlaim daltaí trí úsáid a bhaint as ceithre theanga difriúil ar a laghad. B'é ullmhúchán na ndaltaí le haghaidh úsáide go leor teangacha eile le linn a n-intéireacht thar lear díriú intinne eile (úsáid féin-thuairiscithe teangacha agus stratéisí aistrithe). Faightear samplaí ag an suíomh gréasáin Plur>E.

An Ghearmáin:

Réigiúin an Nordrhein-Westfalen (NRW)

- a. a cheadaigh tionscnaimh chun “Breisteangachas beo beathach” a chur chun cinn (Tionsnamh lebendige Mehrsprachigkeit) le haghaidh imeasctha níos fearr inimirceach, ag tacú le naíonlanna, cúram lae agus scoileanna,
- b. a chuir breisteangachas isteach mar thopaic éigeantach don scrúdú deireanach meánscoile Abitur i nGearmáinis (ó 2016).

Heinrich-Heine-Gymnasium Köln

Tá Modúl Ilteangach Drámaíochta cruthaithe ag an scoil pháirtnéara seo: baineann daltaí úsáid as a dteangacha go léir sa ghrúpa amharclainne; is iad na teangacha seo ná: teanga treorach, teangacha eachtracha foghlamtha ar scoil, canúintí, urlabhraí aicme agus teangacha baile.

Éire:

ASR Éire

Rinne Ardscoil Rís i Luimneach saghsanna tionsnamh agus tionscadal chun daltaí a spreagadh úsáid a bhaint as na teangacha atá á bhfoghlaím acu. B'í an chuspóir ná próifíl na Gearmáinise/Fraincise agus na Gaeilge i dtimpeallacht na scoile a ardú agus múineadh traschuraclaim a chur chun cinn. Spreagtar daltaí níos mó gabháil orthu féin le teangacha lasmuigh d'inneachar seomra ranga. Múintear agus spreagtar daltaí blaganna a scríobh agus stáitsí ar líne a úsáid i nGearmáinis agus /nó i bhFraincis; páirt a ghlacadh i gceachtanna Qi Gong i nGearmáinis chomh maith le féachaint, staidéar a dhéanamh agus oibriú ar scannáin, ealaín agus chultúr i gcur chuige breisteangach. Shocraigh daltaí imeacht traschultúrtha agus tá siad tar éis aip a fhorbairt le haghaidh guthán póca a chuireann chun cinn agus a éacsaíonn an fhoghlaim go leor teangacha.

An Iodáil/An Tioróil Theas:

Mehrsprachencurriculum Südtirol

I mí na Nollag 2015, cheadaigh an rialtas cúigeach pacáiste mór beart chun breisteangachas i scoileanna Gearmánacha a chur chun cinn (Maßnahmenpaket zur Förderung der Mehrsprachigkeit in der deutschen Schule). Féachann roinn na scoile ar chur chun cinn breisteangachais mar cheann dena bpríomh--chuspóirí agus cuireann sé breisteangachas faoi chaibidil mar dheis luachmhar le haghaidh bealaí éagsúla cumarsáide. Cuireann an pacáiste beart seo go leor tionscnamh san áireamh leis an gchuspóir breisteangachas a chur chun cinn. Cuireann sé tacaíocht ar fáil do scoileanna atá ag obair i réimse an oideachais breisteangaigh. Cuireann foilsíúchán an churaclaim "Mehrsprachencurriculum Südtirol" leis an rialtas i bhfeighil, acmhainn thábhachtach ar fáil chun breisteangachas i scoileanna a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Tacaíonn cúrsaí traenála éagsúla i réimse breisteangachais le múinteoirí ag a bhfuil suim acu lena gcuid oibre. Gabhann an EURAC Bozen le hoideachas breisteangach trí thaighde.

Samplaí de dhea-chleachtadh ó na scoileanna sa Tioróil Theas:

Is é an t-ionad gleacaíochta "Walther von der Vogelweide" i mBozen an chéad scoil a chruthaigh roinn-FCÁT i réimse eolaíochta-mata-Béarla/dlí Iodálaigh/staire Spáinní/staire ealaíne Fraincise.

Cuireann an Fachoberschule für Tourismus und Biotechnologie „Marie Curie“ Meran tionscadail agus gníomhaíochtaí éagsúla ar fáil ina mbaineann daltaí úsáid as a dteangacha lasmuigh den tseomra ranga: Ghlac grúpa daltaí páirt i dtionscadal Béarla "Comhdháil de chuid na Parlaiminte Óige go dtí an Alpach" (YPAC); socraíodh féile teangacha le cuir i láthair agus taispeántais ilteangacha sa scoil; bhí gníomhaíochtaí eile cosúil le caifé teanga, leabhar cócaireachta ilteangach

agus tionscadal turasóireachta a d'ullmhaigh turas ilteangach cruthaitheach sa "Touriseum" (iarsmalann áitiúil turasóireachta).

Díríonn an Sozialwissenschaftliches, Klassisches Sprachen- u. Kunstgymnasium Meran ar chomparáid a dhéanamh idir réaltachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha (modúil múinteoireachta):

- malartú scileanna i dteangacha difriúla foghlamtha agus labhartha ag daltaí
- díriú ar théacsanna liteartha agus ar oideachas ilchultúrtha
- taispeántais taithí le linn seachtainí teangacha sa Spáinn agus sa Fhrainc: anailís steiréitíopaí

Is iad gníomhaíochtaí eile a shocraíodh ná comórtas teangacha agus spóirt; gníomhaíochtaí ag baint le Lá Eorpach na dTeangacha; cur chun cinn na dteastas teanga

Cuireann an Sozialwissenschaftliches Gymnasium Bozen caifé teanga ar fáil atá socraithe dhá uair sa bhliain le haghaidh beagnach 60 dalta chun léargas a fháil i 12-13 teanga agus cultúr difriúil; agus ceardlanna ilteangacha; ag obair thar teangacha, roinnt acu nach bhfuil ar eolas ag na daltaí rannpháirteacha

An Tuirc:

Gairmscoile Esenler Istanbul

I gcomhthéacs na gairmscoile Esenler, déanann ilteangachas tagairt don bhfíric go bhfuil gach teanga atá ar fáil de réir an churaclaim chomh tábhachtach le chéile. Maidir leis an bpáirtneir tionscadail seo, ciallaíonn sé seo:

-- comh-shaibhriú in áit iomaíochta:

-- cruinnithe múinteoireachta rialta chun tuiscint na dteangacha atá ag gach duine a chur chun cinn, cuspóirí múinteoireachta agus dúshláin;

--cead a thabhairt gach teanga a thugann daltaí leo ar scoil a bheith sa seomra rang; ag baint úsáide as réamheolas tenaga i ngach rang (teanga).

Dúshláin:

Ba cheart donár gcuraclam oifigiúil cead a thabhairt dúinn ár gcuraclam féin a rialú de réir ár riachtanas. Tá ár gcuid oibre ana dhúshlánach agus casta toisc nach bhfuilimid in ann ár gcuraclam féin a cheapadh.